

I

(Rúin, Moltaí agus Tuairimí)

MOLTAÍ

AN CHOMHAIRLE

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Iúil 2022

maidir le Clár Náisiúnta 2022 um Athchóiriú de chuid na Beilge agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2022 de chuid na Beilge

(2022/C 334/01)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 121(2) agus 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú ⁽¹⁾, a neartú, agus go háirithe Airteagal 5(2) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil chun athchóirithe agus infheistíocht a chur chun feidhme, ar athchóirithe agus infheistíocht í a mhaoiníonn an tAontas ó thaobh buiséid de. Cuireann sé leis an téarnamh eacnamaíoch agus le cur chun feidhme athchóirithe inbhuanaithe a chuireann leis an bhfás agus le hinfeistíocht, go háirithe chun na haistrithe glasa agus digiteacha a chur chun cinn, agus athléimneacht agus fás ionchasach gheilleagair na mBallstát a neartú ag an am céanna. Cuidíonn sé freisin le hairgeadais phoiblí inbhuanaithe a neartú agus le borradh a chur faoi fhás agus faoi chruthú post sa mheántearma agus san fhadtéarma. Tabharfar an ranníocaíocht uasta airgeadais in aghaidh an Bhallstáit faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta cothrom le dáta i mí an Mheithimh 2022, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

⁽¹⁾ IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

- (2) An 24 Samhain 2021, ghlac an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe, rud a chur tús le Seimeastar Eorpach 2022 le haghaidh comhordú beartais eacnamaíoch. Thug sí aird chuí ar Ghealltanais Sóisialta Porto a síníodh an 7 Bealtaine 2021 chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún an 17 Samhain 2017 a chur chun feidhme a thuilleadh. D'fhorhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí Shuirbhé Bliantúil 2022 don Fhás Inbhuanaithe an 25 Márta 2022. An 24 Samhain 2021, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽³⁾, ghlac an Coimisiún freisin an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, ar tuarascáil í nár sainaitníodh an Bheilg inti mar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ar an dáta céanna, ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro agus togra le haghaidh Tuarascáil Chomhphárteach ar Fhostaíocht 2022, lena ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro⁽⁴⁾ (“Moladh 2022 maidir leis an limistéir euro”) an 5 Aibreán 2022 agus an Tuarascáil Chomhphárteach ar Fhostaíocht an 14 Márta 2022.
- (3) Le hionradh na Rúise ar an Úcráin, i ndiaidh na paidéime domhanda, tá athrú suntasach tagtha ar an gcomhthéacs geopholaitiúil agus eacnamaíoch. Tá tionchar an ionraidh ar gheilleagair na mBallstát le sonrú, *inter alia*, trí phraghsanna fuinnimh, bia agus amhábhair níos airde, agus trí ionchais fáis níos laige. Luíonn na praghsanna fuinnimh go trom, go háirithe, ar na teaghlaigh is leochailí a bhfuil cónaí orthu i mbochtaineacht fuinnimh nó atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh, chomh maith leis na gnólachtaí is leochailí ó thaobh praghsanna fuinnimh de. Tá rabharta isteach na ndaoine atá ag teitheadh ón Úcráin gan fasach le feiceáil san Aontas freisin. Bhí tionchar neamhshiméadrach ag na héifeachtaí eacnamaíocha, a d'eascair as cogadh foghach na Rúise, ar na Ballstáit. Sa chomhthéacs sin, an 4 Márta 2022, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle⁽⁵⁾, cuireadh Treoir 2001/55/CE ón gComhairle⁽⁶⁾ i ngníomh den chéad uair, lena dtugtar an ceart chun fanacht go dleathach san Aontas do dhaoine easáitithe ón Úcráin, chomh maith le rochtain ar oideachas agus oiliúint, ar mhargadh an tsaothair, ar chúram sláinte, ar thithíocht agus ar leas sóisialta.
- (4) Agus an staid eacnamaíoch agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa á cur san áireamh, athbhunaíonn an Seimeastar Eorpach a bheartas eacnamaíoch agus fostaíochta ar bhonn leathan in 2022, agus forbraítear é ag an am céanna i gcomhréir le ceanglais chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, mar a leagtar amach sa Suirbhé Bliantúil Fáis Inbhuanaithe 2022. Tá cur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a glacadh rithábhachtach chun cuspóirí comhordaithe an bheartais eacnamaíoch faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é go dtugtar aghaidh sna pleananna ar fhothacar suntasach ar a laghad de na moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh i dtimthriallta Sheimeastar Eorpach 2019 agus 2020. Tá moltaí tírshonracha 2019 agus 2020 fós chomh ábhartha céanna maidir leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241, sa bhreis ar aon mholtaí tírshonracha eile arna n-eisiúint suas go dtí pleananna téarnaimh agus athléimneachta den sórt sin atá athbhreithnithe, nuashonraithe nó leasaithe.
- (5) Tá clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis gníomhach ó Mhárta 2020. I dteachtairéacht uaidh an 3 Márta 2021 dar teideal One year since the outbreak of COVID-19: fiscal policy response [Aon bhliain amháin ó thosaigh COVID-19: freagairt an bheartais fhioscaigh], leag an Coimisiún amach a thuairim gur cheart an cinneadh maidir le clásal ginearálta éalaithe a dhíghníomhachtú nó a chur i bhfeidhm go leanúnach a dhéanamh mar mheasúnú foriomlán ar staid an gheilleagair, agus leibhéal na gníomhaíochta eacnamaíche san Aontas nó sa limistéir euro i gcomparáid leis an leibhéal réamh-ghéarchéime (deireadh 2019) mar phríomhchritéir cainníochtúil. Mar gheall ar éiginnteacht mhéadaithe agus rioscaí láidre taobh thiar den ionchas eacnamaíoch i gcomhthéacs an chogaidh san Eoraip, is gá clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a leathnú go gcuirfear síneadh le clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis le linn 2023.

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25).

⁽⁴⁾ Moladh ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C 153, 7.4.2022, lch. 1).

⁽⁵⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach (IO L 71, 4.3.2022, lch. 1).

⁽⁶⁾ Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit agus na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12).

- (6) De réir an chur chuige atá sa Mholadh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 ⁽⁷⁾ maidir le Clár Cobhsaíochta 2021 na Beilge, is fearr an seasamh fioscach foriomlán a thomhas mar an t-athrú ar chaiteachas príomha (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh), ach caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais a áireamh, i gcoibhneas leis an bhfás féideartha meántéarmach ⁽⁸⁾. Agus níos faide ná an staid fhioscach fhoriomlán, d'fhonn a mheas an bhfuil an beartas fioscach náisiúnta stuama agus an bhfuil a chomhdhéanamh fabhrach do théarnamh inbhuanaithe a bheidh comhsheasmhach leis na haistrihe glasa agus digiteacha, tabharfar aird freisin ar an éabhlóid ar phríomhchaiteachas reatha ⁽⁹⁾ arna maoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh) agus ar an infheistíocht.
- (7) An 2 Márta 2022, ghlac an Coimisiún teachtaireacht lena gcuirtear treoir leathan ar fáil maidir le beartas fioscach in 2023 (“an treoir fhioscach”) a raibh sé mar aidhm léi tacú le hullmhú Chláir na mBallstát um Chobhsaíocht agus um Chóineasú agus comhordú beartais a neartú ar an gcaoi sin. Thug an Coimisiún dá aire, go mbeadh sé iomchuí in 2023, ar bhonn an ionchais maicreacnamaíoch a bhí ann i réamhaisnéis gheimhridh 2022, aistriú ó sheasamh fioscach comhiomlán tacaíochta in 2020–2022 go staid chomhiomlán fhioscach a bheadh neodrach tríd is tríd, agus go bhfuil sé réidh chun freagairt don staid eacnamaíoch atá ag teacht chun cinn. D'fhógair an Coimisiún gur cheart leanúint de dhifreáil a dhéanamh idir na moltaí fioscacha do 2023 idir na Ballstáit agus iarmhairtí trastíortha a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit an treoir ina gCláir um Chobhsaíocht agus um Chóineasú a léiriú. Gheall an Coimisiún go ndéanfadh sé dlúthfhairéachán ar na forbairtí eacnamaíocha agus go n-athróidh sé a threoir beartais de réir mar is gá agus ar a dhéanaí ina phacáiste earraigh den Seimeastar Eorpach a bheidh ann ag deireadh mhí na Bealtaine 2022.
- (8) Maidir leis an treoir fhioscach, cuirtear san áireamh sna moltaí fioscacha do 2023 an t-ionchas eacnamaíoch atá ag dul in olcas, an éiginnteacht mhéadaithe agus rioscaí níos ísle, agus an boillsiú níos airde i gcomparáid le réamhaisnéis gheimhridh 2022 ón gCoimisiún. I bhfianaise na mbreithnithe sin, ní mór don fhreagairt fhioscach infheistíocht phoiblí a leathnú i gcomhair na n-aistrihe glasa agus digiteacha agus na slándála fuinnimh, agus cumhacht ceannaigh na dteaghlach is leochailí a choimeád ar bun chun tionchar na dteithe praghsanna fuinnimh a mhaolú agus chun an brú boillsithe a theorannú ón dara babhta trí bhearta spriocdhírthe agus sealadacha. Ní mór don bheartas fioscach leanúint de bheith ag dul in oiriúint do na cúinsí atá ag athrú go tapa, lena n-áirítear dúshlán a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine maidir le cosaint agus slándáil, agus ní mór dó idirdhealú a dhéanamh idir na Ballstáit de réir a staide fiosaí agus eacnamaíche, lena n-áirítear maidir lena nochtadh don ghéarchéim agus maidir le rabhartaí daoine easáitithe ón Úcráin.
- (9) Ar an 30 Aibreán 2021, chuir an Bheilg a phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta le haghaidh na Beilge ⁽¹⁰⁾. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, ina luaitear go bhfuil na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle comhlíonta go sásúil ag an mBeilg. Glactar leis le comhlíonadh sásúil nach ndearnadh gnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna roimhe sin a aisiompú.
- (10) An 30 Aibreán 2022, thíolaic an Bheilg a Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2022 agus a Clár Cobhsaíochta 2022, i gcomhréir leis an spriocdháta a bunaíodh in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. Rinneadh measúnú ar an dá chlár le chéile chun na naisc eatarthu a chur san áireamh. I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, léiríonn Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2022 freisin tuairisciú débhlíantúil na Beilge ar an dul chun cinn atá déanta maidir lena phlean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme.

⁽⁷⁾ Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2021 na Beilge (IO C 304, 29.7.2021, lch. 1).

⁽⁸⁾ Is meastacháin ón gCoimisiún iad na meastacháin ar an staid fhioscach agus a chomhpháirteanna sa Mholadh seo bunaithe ar na toimhdí is bunús le réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún. Sna meastacháin ón gCoimisiún ar fhás ionchasach meántéarmach, ní áirítear tionchar dearfach na n-athchóirithe atá mar chuid den phlean don téarnamh agus don athléimneacht agus lena bhféadfar borradh a chur faoin bhfás a d'fhéadfadh a bheith ann.

⁽⁹⁾ Ní mhaoinítear iad le deontais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ná le cistí eile de chuid an Aontais.

⁽¹⁰⁾ 10161/21 INIT; 10161/21 ADD 1.

- (11) D'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2022 maidir leis an mBeilg an 23 Bealtaine 2022. Rinne sí measúnú ar an dul chun cinn atá déanta ag an mBeilg maidir le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle in 2019, 2020 agus 2021, agus bhreathnaigh sí ar chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta ag an mBeilg, ag tógáil ar an scórchlár don téarnamh agus don athléimneacht. Ar bhonn na hanailíse sin, sainithníodh sa tuarascáil tíre bearnaí i ndáil leis na dúshláin sin nach dtugtar aghaidh orthu, nó nach dtugtar aghaidh orthu ach i bpáirt, leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, chomh maith le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear na dúshláin sin a eascraíonn as ionradh na Rúise ar an Úcráin. Rinne sí measúnú freisin ar dhul chun cinn na Beilge maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ar phríomhspríocanna an Aontais maidir le fostaíocht, laghdú scileanna agus laghdú bochtaineachta a bhaint amach, chomh maith le dul chun cinn maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.
- (12) An 23 Bealtaine 2022, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) den Chonradh. Sa tuarascáil sin, pléadh staid bhuiséadach na Beilge, ós rud é gur sháraigh a heasnamh ginearálta rialtais in 2021 luach tagartha 3 % an Chonartha maidir le holltáirgeacht intíre (OTI), agus gur sháraigh a fiachas ginearálta rialtais an 60 % de luach tagartha an Chonartha maidir le OTI agus nár urramaigh sé an tagarmharc maidir le laghdú an fhiachais. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil nár comhlíonadh na critéir easnaimh agus fiachais. I gcomhréir leis an teachtaireacht an 2 Márta 2022, mheas an Coimisiún, laistigh dá mheasúnú ar na fachtóirí ábhartha uile, go mbeadh iarracht fhioscach tús-ualaithe ró-éilitheach i gceist le comhlíonadh an tagarmhairc maidir le laghdú an fhiachais a d'fhéadfadh an fás a chur i mbaol. Dá bhrí sin, dar leis an gCoimisiún, ní gá an tagarmharc maidir le laghdú an fhiachais a chomhlíonadh faoi na dálaí eacnamaíocha eisceachtúla atá ann faoi láthair. Mar a fógraíodh, níor mhol an Coimisiún nósanna imeachta nua maidir le heasnamh iomarcach a oscailt in earrach na bliana 2022 agus déanfaidh sé athmheasúnú ar cibé acu an mbeidh sé riachtanach nó nach mbeidh a mholadh go gcuirfí tús le nósanna imeachta den sórt sin i bhfómhar 2022.
- (13) I Moladh uaithi an 20 Iúil 2020 ⁽¹⁾, mhol an Chomhairle don Bheilg na bearta uile is gá a dhéanamh in 2020 agus 2021, i gcomhréir leis an gclásal éalaithe ginearálta, chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar phaindéim COVID-19, chun an geilleagar a chothú agus chun tacú leis an téarnamh ina dhiaidh sin. Mhol sí freisin go saothródh an Bheilg, nuair is féidir sin le dálaí eacnamaíocha, beartais fhioscacha atá dírithe ar riochtaí fioscacha meántéarmacha stuama a bhaint amach agus ar inbhuanaitheacht fiachais a áirithiú, agus feabhas a chur ar an infheistíocht ag an am céanna. In 2021, de réir na sonraí a bhailíochtaigh Eurostat, thit easnamh ginearálta rialtas na Beilge ó 9,0 % de OTI in 2020 go 5,5 %. Thacaigh freagairt an bheartais fhioscaigh ón mBeilg leis an téarnamh eacnamaíoch in 2021, agus tháinig laghdú ar bhearta sealadacha éigeandála ó 4,4 % de OTI in 2020 go 2,9 % in 2021. Bhí na bearta a ghlac an Bheilg in 2021 i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 20 Iúil 2020. Den chuid is mó, bhí na bearta buiséadacha lánroghnacha a ghlac an rialtas in 2020 agus 2021 sealadach nó comhoiriúnaithe le bearta fritháirimh. Ag an am céanna, ní raibh roinnt de na bearta lánroghnacha a ghlac an rialtas le linn na tréimhse 2020 go 2021 sealadach ná comhoiriúnaithe le bearta fritháirimh, agus is éard a bhí iontu den chuid is mó méaduithe buana ar phinsin íosta agus ar phá san earnáil sláinte. De réir na sonraí a bhailíochtaigh Eurostat, thit fiachas ginearálta an rialtais ó 112,8 % de OTI in 2020 go 108,2 % de OTI in 2021.
- (14) Tá an cás maicreacnamaíoch atá mar bhuntaca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha i gClár Cobhsaíochta 2022 fabhrach. Tá sé tuartha ag an rialtas go méadóidh fíor-OTI faoi 3,0 % in 2022 agus 1,9 % in 2023. I gcomparáid leis sin, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún go mbeidh fás iarbhír OTI níos ísle 2,0 % in 2022 agus 1,6 % in 2023, mar gheall ar an scoithdháta a bhí ann roimhe sin do na réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha a bhí mar bhonn do Chlár Cobhsaíochta 2022, a bhí ann sular cuireadh tús le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Ina Chlár Cobhsaíochta 2022, tá coinne ag an rialtas go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh ceannlíne go 5,2 % de OTI in 2022 agus go 3,6 % in 2023. Léiríonn an laghdú in 2022 den chuid is mó fás láidir ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus leachtú fhormhór na mbeart éigeandála. De réir Chlár Cobhsaíochta 2022, meastar go dtiocfaidh laghdú (beag) ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI go 108,0 % in 2022, agus go n-ardóidh sé go 108,8 % in 2023. Bunaithe ar bhearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún easnamh rialtais do 2022 agus 2023 de 5,0 % de OTI agus 4,4 % faoi seach. In 2022, tá an méid sin ag teacht leis an easnamh atá tuartha i gClár Cobhsaíochta 2022, in ainneoin an cháis mhaicreacnamaíoch nach bhfuil chomh fabhrach sin i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún, mar go gcuirtear san áireamh sna réamh-mheastacháin bhuiséadacha i gClár Cobhsaíochta 2022 ceartúchán teicniúil a léiríonn tionchar buiséadach chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine in 2022 amháin. I réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún, meastar go mbeidh easnamh buiséadach ginearálta níos airde ag an rialtas in 2023, go príomha mar gheall ar chás mhaicreacnamaíoch nach bhfuil chomh fabhrach sin agus mar gheall ar bhearta nach bhfuil sonraithe go fóill sna blianta fada ar aghaidh de Chlár Cobhsaíochta 2022. I réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún, meastar go mbeidh cóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI de 107,5 %, atá mar an gcéanna tríd is tríd in 2022, ach go mbeidh cóimheas níos ísle de 107,6 % in 2023, rud a léiríonn an méadú níos ísle ar dhíbhóilsceoir OTI i gClár Cobhsaíochta 2022. De réir réamhaisnéis earraigh 2022 ón gCoimisiún, is é 1,4 % an fás aschuir féideartha measta sa mheántearma (meánfhás 10 mbliana). Mar sin féin, ní áirítear sa mheastachán sin tionchar na n-athchóirithe atá mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta agus lena bhféadfar borradh a chur faoi fhás ionchasach na Beilge.

⁽¹⁾ Moladh ón gComhairle an 20 Iúil 2020 maidir le Clár Náisiúnta 2020 um Athchóiriú de chuid na Beilge agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2020 de chuid na Beilge (IO C 282, 26.8.2020, lch. 1).

- (15) In 2022, chuir an rialtas deireadh le formhór na mbearta a glacadh mar fhreagairt ar an ngéarchéim COVID-19, sa chaoi is go meastar go dtiocfaidh laghdú ar na bearta sealadacha éigeandála ó 2,9 % de OTI in 2021 go 0,4 % in 2022. Tá tionchar ag na bearta a glacadh chun dul i ngleic le tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh ar easnamh rialtais na bliana 2022, rud a mheastar i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún ag 0,5 % de OTI in 2022 agus 0 % de OTI in 2023 ⁽¹²⁾. Is éard atá sna bearta sin den chuid is mó aistrithe cnapshuime chuig teaghlaigh agus ciorruithe ar chánacha indéreacha ar thomhaltas fuinnimh. Fógraíodh na bearta sin ar bhonn sealadach agus baineann siad le 2022. Mar sin féin, i gcás ina bhfanfaidh praghsanna fuinnimh ag leibhéal ardaithe in 2023, d'fhéadfaí leanúint le cuid de na bearta sin. Níl roinnt de na bearta sin dírithe, go háirithe ar fud na n-aistrithe boird chuig teaghlaigh chun tacú le tomhaltas fuinnimh agus le laghdúithe ar rátaí CBL ar ghás agus ar leictreachas agus ar dhleachtanna máil ar pheitreal. Tá tionchar freisin ar an easnamh rialtais ag an gcostas a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin, atá tuartha i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún ag 0,1 % de OTI in 2022 agus in 2023 ⁽¹³⁾, agus ag costas méadaithe chaiteachas na cosanta (0,1 % de OTI in 2022).
- (16) Sa Mholadh uaithi an 18 Meitheamh 2021, mhol an Chomhairle gur cheart don Bheilg an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a úsáid in 2022 chun infheistíocht bhreise a mhaoiniú chun tacú leis an téarnamh agus beartas fioscach stuama á shaothrú aici ag an am céanna. Thairis sin, ba cheart go gcaomhnódh sé infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta. Mhol an Chomhairle freisin go saothródh an Bheilg, nuair is féidir sin sna dálaí eacnamaíocha, beartas fioscach atá dírithe ar shuíomhanna fioscacha stuama meántéarmacha a bhaint amach agus an inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú sa mheántearma, agus an tráth céanna, feabhas a chur ar an infheistíocht chun borradh a chur faoin acmhainneacht fáis.
- (17) In 2022, bunaithe ar réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún agus lena n-áirítear an fhaisnéis a ionchorpraítear i gClár Cobhsaíochta 2022 na Beilge, meastar go mbeidh an seasamh fioscach tacúil ag -2,4 % de OTI, mar a mhol an Chomhairle ⁽¹⁴⁾. Tá sé beartaithe ag an mBeilg tacaíocht leanúnach a thabhairt don téarnamh trí leas a bhaint as an tSaoráid um Théarnamh agus Athléimneacht chun infheistíocht bhreise a mhaoiniú mar a mhol an Chomhairle. Meastar go méadófar le 0,2 % pointe céatadán OTI i gcomparáid le 2021 an ranníocaíocht dhearfach le gníomhaíocht eacnamaíoch de chaiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais. Tuartar go gcuirfidh infheistíocht atá maoinithe go náisiúnta leis an seasamh fioscach ar bhealach neodrach in 2022 ⁽¹⁵⁾. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an mBeilg infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú, mar a mhol an Chomhairle. Ag an am céanna, meastar go soláthróidh an fás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) in 2022 ranníocaíocht fhorleathnaithe de 2,1 pointe céatadán don seasamh fioscach foriomlán. Áirítear leis an rannchuidiú suntasach leathnaithe sin tionchar breise na mbearta chun aghaidh a thabhairt ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh (0,5 % de OTI) chomh maith leis na costais a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin (0,1 % de OTI). Ina theannta sin, an méadú ar chaiteachas rialtais i ngeall ar innéacsú uathoibríoch pá agus sochar sóisialta na hearnála poiblí, agus go pointe níos ísle le tomhaltas níos airde earraí agus seirbhísí rialtais, meastar freisin go rannchuideoidh sé le ranníocaíocht leathnaithe an phríomhchaiteachais reatha arna maoiniú go náisiúnta. De réir an réamhaisnéis ón gCoimisiún, ní dhéantar na bearta sin ná na nithe a spreagann caiteachas níos airde a mheaitseáil go hiomlán le bearta fritháirimh.
- (18) In 2023, tuartar go mbeidh an seasamh fioscach i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún dar méid 0,0 % de OTI ar an mbonn nach mbeidh aon athrú beartais ann ⁽¹⁶⁾. Meastar go leanfaidh an Bheilg d'úsáid a bhaint as na deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2023 chun infheistíocht bhreise a mhaoiniú chun tacú leis an téarnamh. Meastar go bhfanfaidh an ranníocaíocht dhearfach le gníomhaíocht eacnamaíoch de chaiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid um Théarnamh agus um Athléimneacht agus faoi chistí eile de chuid an Aontais cobhsaí i gcomparáid le 2022. Tuartar go gcuirfidh infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta ranníocaíocht mhéadaitheach ar fáil don staid fhioscach de 0,1 pointe céatadán in 2023 ⁽¹⁷⁾. Ag an am céanna, meastar go gcuirfidh fás an phríomhchaiteachais reatha arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) in 2023 rannchuidiú neodrach den chuid is mó de 0,1 pointe céatadán leis an seasamh fioscach foriomlán. Áirítear leis sin an tionchar ó dheireadh a chur de réir a chéile leis na bearta lena dtugtar aghaidh ar phraghsanna méadaithe fuinnimh (0,5 % de OTI).

⁽¹²⁾ Is ionann na figiúirí agus leibhéal chostais bhuiséadacha bhliantúla na mbearta sin a rinneadh ó fhómhar 2021, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas reatha chomh maith le — i gcás inarb ábhartha — bearta caiteachais chaipitil.

⁽¹³⁾ Glactar leis go mbeidh líon iomlán na ndaoine easáitithe ón Úcráin go dtí an tAontas Eorpach chomh hard le 6 mhíilliún duine de réir a chéile faoi dheireadh 2022, agus meastar a ndáileadh geografach bunaithe ar mhéid an diaspóra atá ann cheana, ar dhaoine coibhneasta an Bhallstáit ghlactha, agus ar dháileadh iarbhrí na ndaoine easáitithe ón Úcráin ar fud an Aontais ó mhí an Mhárta 2022. I gcás costais bhuiséadacha in aghaidh an duine, tá meastacháin bunaithe ar shamhail mhicreashamlú Euromod Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin, agus an dá aistriú airgid á gcur san áireamh d'fhéadfadh daoine a bheith incháilithe do shochar chomhchineáil, amhail oideachas agus cúram sláinte.

⁽¹⁴⁾ Freagraíonn comhartha diúltach den táscaire do bharrachas fáis ar chaiteachas príomhúil i gcomparáid le fás eacnamaíoch meántéarmach, lena léirítear beartas fioscach forleathnaitheach.

⁽¹⁵⁾ Réamh-mheastar go soláthróidh caiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta ranníocaíocht leathnaithe de 0,1 pointe céatadán de OTI.

⁽¹⁶⁾ Freagraíonn comhartha diúltach (dearfach) den táscaire do bharrachas (easnamh) fáis ar chaiteachas príomhúil i gcomparáid le fás eacnamaíoch meántéarmach, lena léirítear beartas fioscach fairsing (crapthach).

⁽¹⁷⁾ Réamh-mheastar go gcuirfidh caiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta ranníocaíocht neodrach ar fáil.

- (19) I gClár Cobhsaíochta 2022, meastar go laghdóidh easnamh ginearálta an rialtais de réir a chéile go 3,4 % de OTI in 2024 agus go 2,7 % faoi 2025. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go rachaidh easnamh ginearálta an rialtais faoi bhun 3 % de OTI faoi 2025. Tá na réamh-mheastacháin sin bunaithe ar chás maicreacnamaíoch a forbraíodh roimh ionradh na Rúise ar an Úcráin, agus glactar leis bearta nach bhfuil sonraithe go fóill sna blianta fada ar aghaidh de Chlár Cobhsaíochta 2022, go háirithe “iarracht bhuiséadach sholúbtha” arb ionann é agus 0,8 % de OTI idir 2023 agus 2025. De réir Chlár Cobhsaíochta 2022, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI faoi 2025, go sonrath le méadú go 109,7 % in 2024, agus ardú go 110,1 % in 2025. De réir anailís an Choimisiúin, is cosúil gur ardrioscaí iad na rioscaí maidir le hinbhuanaitheacht fiachais sa mheántearma.
- (20) Má bhíonn beartais gan athrú ann, táthar ag súil go rachaidh an daonra atá ag dul in aois go tapa in olcas mar gheall ar an gcaiteachas ar an airgeadas poiblí a bhaineann le haosú. Tuairtar i dTuarascáil 2021 ón gCoimisiún maidir le hAosú⁽¹⁸⁾ méadú 3,6 pointe céatadáin faoi 2040 agus méadú 5,4 pointe céatadáin de OTI faoi 2070 sa chaiteachas a bhaineann le haosú, de bharr caiteachas ar phinsean agus ar chúram fadtéarmach den chuid is mó. Ina plean téarnaimh agus athléimneachta, tá gealltanais tugtha ag an mBeilg athchóiriú pinsean a chur chun feidhme, *inter alia*, chun inbhuanaitheacht airgeadais agus shóisialta an chórais a fheabhsú agus cóineasú i measc scéimeanna pinsin éagsúla a chur chun cinn. Maidir le cúram fadtéarmach, bhí an Bheilg ar cheann de na tíortha is mó a chaith airgead san Aontas in 2019 cheana, agus táthar ag súil le méadú breise de 14 % ar a caiteachas faoi 2030 agus méadú 2,2 pointe céatadáin de OTI faoi 2070. Cuireadh tús le hathchóirithe chun feabhas a chur ar úsáid chostéifeachtúil na socrúithe éagsúla cúraim, go háirithe chun institiúidí neamhriachtanach nó róluath a sheachaint agus a mhoilliú, ar athchóirithe iad a bhaineann le duine as gach ceathrar i gcúram cónaithe⁽¹⁹⁾, cé go dtugtar faoi deara difríochtaí móra réigiúnacha. Chuir géarchéim COVID-19 bac ar chur chun feidhme na mbearta atá beartaithe chun costais a shábháil. Tugtar le tuiscint leis sin go bhféadfadh scóip a bheith ann chun ró-institiúidí a laghdú a thuilleadh agus, ag an am céanna, an úsáid a bhaintear as seirbhísí cúraim baile ar ardchaighdeán a neartú agus aghaidh á tabhairt ar bhacainní airgeadais lena gcuirtear srian ar an rochtain ar na seirbhísí sin do na grúpaí is leochailí. Dá gcuirfí athchóirithe chun feidhme go pras agus go huailmhianach, chuideofaí le haghaidh a thabhairt ar ábhair inní maidir le hinbhuanaitheacht.
- (21) Príomhthréithe de chóras cánach na Beilge is ea ualach ard ar cháin saothair, agus rátaí cánach sách ard, agus lúibíní cánach cúnga. Cuireann sé sin teorainn le dul chun cinn iarbhair an chórais chánach agus laghdaítear rannpháirtíocht an lucht saothair mar gheall air sin. Cé gur laghdaíodh an t-ualach cánach ar shaothar do na saothraithe ioncaim is ísle le hathchóiriú cánach 2016, is í an ding chánach is airde san Aontas i gcónaí é dóibh siúd atá ag tuilleamh an mheántuarastail. D'fhéadfadh cánachas ard saothair rannpháirtíocht i bhfoghlaím ar feadh an tsaol a dhíspreagadh freisin. Ina theannta sin, tá an baol ann go mbainfí an bonn de dhreasachtaí chun obair a dhéanamh do chuardaitheoirí poist de bharr gnéithe áirithe den chóras sochar dífhostaíochta agus d'fhéadfaidís éifeachtacht na mbeartas gníomhachtúcháin a laghdú dá mbarr. Mar gheall ar chastacht na tacaíochta sóisialta agus na ndeiseanna teoranta atá ann ioncam ón obair agus sochair shóisialta a chomhcheangal, d'fhéadfaí dídhreasachtaí a chruthú chun dul i mbun oibre, go háirithe dóibh siúd a bhfuil cumas íseal tuillimh acu. Ina theannta sin, go páirteach chun na rátaí arda cánach a mheas, déantar boinn chánach a chreimeadh trí go leor díolúintí, asbhaintí agus rátaí laghdaithe, rud a chruthaíonn cailleanais éifeachtúlachta agus a thugann isteach saobhadh. Cuidíonn roinnt gnéithe den chóras cánach le roghanna infheistíochta a shaobhadh agus bíonn ró-infheistíocht i sócmhainní áirithe mar thoradh orthu. Mar shampla, níl mórán cánach déanta ar chíosanna ó mhaoin dhochorraithe agus tá an t-ús ar iasachtaí tithíochta le haghaidh áiteanna cónaithe tánaisteacha inasbhainte ó thaobh cánach de. Thairis sin, cruthaíonn dreasachtaí cánach le haghaidh coigiltis agus dearadh docht na rialacha cánach is infheidhme maidir le coigiltias fadtéarmach agus scéimeanna pinsin, bacainní ar leithdháileadh níos fearr caipitil. Gníomhaíonn an cháin ar chuntais úrrús, a tugadh isteach faoin dlí an 17 Feabhra 2021, mar dhídhreasacht freisin chun infheistíocht a dhéanamh in ionstraimí airgeadais. Thairis sin, tá deis ann cánachas comhshaoil a fhorbairt, trí fhóirdheontais do bhreoslaí iontaise a laghdú agus trí infheistíocht a spreagadh sa gheilleagar ísealcharbóin. Mar shampla, dá ndéanfaí athbhreithniú ar dhleachtanna máil ar bhreoslaí iontaise a úsáidtear le haghaidh téimh (e.g. gás-ola agus gás nádúrtha), atá íseal i gcomparáid le leictreachas, spreagfaí infheistíocht i réitigh teasa ísealcharbóin. D'fhéadfaí leas a bhaint as roghanna beartais amhail muirearú ar bhóithre a thabhairt isteach ar fheithiclí príobháideacha (i gcás leoraithe), agus leibhéal soláthair leordhóthanach iompair phoiblí á áirithiú, chun aghaidh a thabhairt ar phlódú (agus an meánfíon uaireanta in aghaidh na bliana a chaitear i dtranglaim tráchta ar na cinn is airde san Aontas). D'fhéadfaidís sé a bheith ina chabhair freisin chun astaíochtaí gás ceaptha teasa nach bhfuil cumhdaithe ag scéimeanna trádála astaíochtaí a laghdú. Ach aistriú ón saothar a chur i dteannta a chéile agus an bonn cánach a leathnú, d'fhéadfaí cothroime an chórais chánach a fheabhsú, borradh a chur faoin bhfostaíocht agus cuspóirí sóisialta agus comhshaoil a chur chun cinn.

⁽¹⁸⁾ An Coimisiún Eorpach, 2021, Tuarascáil 2021 maidir le hAosú: Réamh-mheastacháin eacnamaíochta agus bhuiséadacha do Bhallstáit an Aontais (2019-2070), Páipéar Institiúideach 148.

⁽¹⁹⁾ Devos C, Cordon A, Lefèvre M, Obyn C, Renard F, Bouckaert N, Gerkens S, Maertens de Noordhout C, Devleeschauwer B, Haelterman M, Léonard C, Meeus P (2019), *Performance du système de santé belge – Rapport 2019 – Synthèse* [Feidhmíocht chóras sláinte na Beilge — Tuarascáil 2019 — Achoimre]. Health Services Research (HSR). Bruxelles: Centre Fédéral d'Expertise des Soins de Santé (KCE). KCE Reports 313B. D/2019/10.273/33.

- (22) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta sraith fhairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a bhfuil amchlár tásach ag gabháil leo maidir lena gcur chun feidhme a bheidh le tabhairt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026. Cuidíonn siad sin le dul i ngleic leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó le fothacar suntasach de na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a chuir an Chomhairle faoi bhráid na Beilge sa Seimeastar Eorpach in 2019 agus 2020, chomh maith le haon mholtaí tírshonracha a eisíodh go dtí an dáta a ghlacfar plean téarnaimh agus athléimneachta. Go háirithe, táthar ag súil go gcuideoidh plean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge aghaidh a thabhairt ar fhothacar suntasach de na dúshláin a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha. Chun cáilíocht agus éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí a fheabhsú, áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge comhtháthú córasach na n-athbhreithnithe caiteachais sna timthriallta pleanála buiséadaí ar gach leibhéal rialtais. I bhfianaise an mhéadaithe ar an gcaiteachas poiblí ar phinsin, áirítear sa phlean athchóirithe ar phinsin, arb é is aidhm dó, *inter alia*, inbhuanaitheacht airgeadais agus shóisialta an chórais phinsin a fheabhsú. Áirítear freisin i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge roinnt beart chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhargadh an tsaothair agus chun lánpháirtiú sóisialta agus comhtháthú na ngrúpaí leochaileacha i margadh an tsaothair a neartú, amhail daoine a mbaineann cúlra imirceach leo, mná, daoine óga, daoine faoi mhíchumas agus daoine atá i mbaol eisiaimh dhigitigh. Faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, cinnteoidh an Bheilg go gcuirfead 5G in úsáid. Áirítear freisin i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge athchóirithe ar an scéim um cháin ar ghluaisteáin cuideachta, arb é is aidhm dó fliteanna gluaisteán cuideachta a leictiú go hiomlán.
- (23) Tá coinne leis go gcuideoidh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na haistrithe glasa agus digiteacha. Is ionann bearta chun tacú le cuspóirí aeráide sa Bheilg agus 49,6 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta, agus is ionann bearta lena dtacaítear le cuspóirí digiteacha agus 26,6 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Cur chun feidhme iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir leis na clocha míle agus na spriocanna ábhartha, sin rud a chuideoidh leis an mBeilg téarnamh go tapa ó iarmhairtí ghéarchéim COVID-19 agus a hathléimneacht á neartú san am céanna. Tá rannpháirtíocht chórasach na gcomhpháirtithe sóisialta agus na ngeallsealbhóirí ábhartha eile tábhachtach i gcónaí chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go rathúil, chomh maith le beartais eacnamaíocha agus fostaíochta eile a théann níos faide ná an plean téarnaimh agus athléimneachta, chun a áirithiú go mbeidh úinéireacht leathan ar an gclár oibre foriomlán beartais.
- (24) Níor thíolaic an Bheilg fós an Comhaontú Comhpháirtíochta dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁰⁾ nó na cláir bheartais chomhtháthaithe eile dá bhforáiltear sa Rialachán sin. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1060, tá an Bheilg leis na moltaí tírshonracha ábhartha a chur san áireamh i gclársceidealú chistí an bheartais chomhtháthaithe le haghaidh 2021-2027. Is réamhriachtanas é sin chun éifeachtacht na tacaíochta airgeadais atá le fáil ó chistí an bheartais chomhtháthaithe a fheabhsú agus chun uasmhéadú a dhéanamh ar bhreisluach na tacaíochta sin, agus comhordú, comhlántacht agus comhleánúnachas idir cistí an bheartais chomhtháthaithe sin agus ionstraimí agus cistí eile de chuid an Aontais á gcur chun cinn ag an am céanna. Tá cur chun feidhme rathúil na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus cláir beartais chomhtháthaithe ag brath freisin ar dheireadh a chur le bacainní ar infheistíocht chun tacú leis na haistrithe glasa agus digiteacha agus le forbairt chríochach chothrom.
- (25) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, tá roinnt dúshlán breise os comhair na Beilge a bhaineann le margadh an tsaothair agus lena córas oideachais. Léiríonn an ráta folúntas ard sa Bheilg go bhfuil sé ag éirí níos deacra fostaithe a fhóstu leis na scileanna cearta. Baineann ganntanais lucht saothair le gach leibhéal scileanna agus bíonn siad dianseasmhach in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear teicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide, an t-oideachas, an earnáil cúraim agus an tógáil. Go háirithe, tá an iomarca céimithe san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (STEM), i measc céimithe meánscoile uachtaraí ó chlár ghairmoideachais agus i measc céimithe treasacha araon. Mínítear neamhréir scileanna freisin mar gheall ar rannpháirtíocht íseal san fhoghlaim aosach, go háirithe don oideachas íseal, a bhféadfadh uas-sciliú deiseanna fostaíochta níos fearr a chur ar fáil dóibh. Faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, forbrófar cuntais foghlama aonair agus cearta foghlama aonair d'fhostaithe. Mar sin féin, tá an sciar den chaiteachas ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair atá dírithe ar oiliúint teoranta agus ní leanann ach sciar beag de chuardaitheoirí poist oiliúint a bhaineann le post i nganntanas. Is príomhluamhán é aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus ar mhí-oiriúint scileanna chun dul i ngleic leis an aistriú digiteach agus chun an t-aistriú glasa a chumasú, agus chun príomhspríocanna 2030 an Aontais maidir le fostaíocht agus scileanna a bhaint amach.

⁽²⁰⁾ Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosáí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

- (26) Maidir le ganntanas saothair agus mí-oiriúint scileanna, tá imní ann go háirithe faoi fheidhmíocht agus faoi chuimsitheacht an chórais oideachais, agus i bhfianaise an chaiteachais phoiblí ar an oideachas freisin ⁽²¹⁾. Tá dlúthnasc idir an bhearna sna torthaí oideachais agus cúlra socheacnamaíoch agus imirceach na mac léinn agus tá sí ar an gceann is mó san Aontas, rud a fhágann go bhfuil éagothroime san oideachas. Ní chríochnaíonn níos mó ná duine as gach triúr daoine fásta óga faoi mhíchumas an meánoideachais. Ina theannta sin, ní raibh ach 6,2 % de mhic léinn rannpháirteach i bhfoghlaim obairbhunaithe sa Bheilg in 2019, cuid mhaith faoi bhun mheán an Aontais (29 %). Tá údar ar leith le méadú a dhéanamh ar ábharthacht na gcóras gairmoideachais agus gairmoiliúna (VET) i gComhphobal na Fraince toisc nach n-ullmhaíonn ach 3 rogha as na 10 rogha VET meánsciole uachtaraí is mó a bhfuil tóir orthu do ghairmeacha ina bhfuil ganntanas lucht saothair. Ar an iomlán, tá ábhair imní sa Bheilg fós maidir le tarraingteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna mar rian barr feabhais, mar a léirítear sa sciar mór den daonra a bhfuil dearcadh diúltach acu maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint. Chuideodh neartú ghairm na múinteoireachta le múinteoirí a choinneáil agus le ganntanas múinteoirí cáilithe atá ag dul i méid a laghdú. Is dúshlán ar leith é seo do scoileanna atá faoi mhíbhuntáiste, rud a chuireann i mbaol éagothromaíochtaí atá ann cheana féin sa chóras oideachais a mhéadú tuilleadh. D'ainneoin na mbearta a rinneadh cheana, dhéanfaí tarraingteacht ghairm na múinteoireachta a neartú trí oideachas tosaigh níos fearr agus forbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil, agus trí chonairí gairme níos solúbtha agus níos tarraingte a fhorbairt.
- (27) Mar fhreagairt ar an sainordú ó Cheannairí Stáit nó Rialtais an Aontais a leagtar amach i nDearbhú Versailles, tá sé mar aidhm ag an togra ón gCoimisiún le haghaidh phlean REPowerEU deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairiú breosla iontaise ón Rúis a luaithe is féidir. Chun na críche sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na tionscadail, na hinfeistiúcháin agus na hathchóirithe is oiriúnaí ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal an Aontais a shainathint i gcomhphlé leis na Ballstáit. Is é is aidhm do na bearta sin an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus allmhairí breosla iontaise a aistriú ón Rúis.
- (28) Clúdaítear thart ar 70 % d'olltomhaltas fuinnimh intíre na Beilge le hallmhairí breosla iontaise. De réir sonraí ó 2020, tá an spleáchas ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis cothrom le 30 % i gcás amhola (an sciar d'iomlán na n-allmhairí), níos airde ná meán an AE-27 (26 %) agus níos ísle i gcás gáis nádúrtha (7 % i gcoinne 44 % don Aontas) agus i gcás guail (39 % i gcoinne 54 %) ⁽²²⁾. Tá an sciar sa mheascán fuinnimh i ndáil le hola (39 % den olltomhaltas intíre i gcoinne 33 %) agus gáis nádúrtha (30 % i gcoinne 24 %) os cionn mheán an Aontais, cé go bhfuil an sciar guail níos ísle (5 % i gcoinne 11 %). Is ionann sciar an fhuinnimh núicléach sa mheascán fuinnimh agus 16 % den olltomhaltas intíre. Níor bhain ach 13 % den tomhaltas fuinnimh deiridh in 2020 leis an bhfuinneamh fuinneamh inathnuaite. Beidh ar an mBeilg céimeanna suntasacha breise a ghlacadh chun dlús a chur le forbairt foinsí in-athnuaite fuinnimh d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh i dtreo neodracht aeráide in 2050 agus a spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú. Tá bac mór, áfach, ar fhorbairt tionscadal gaoithe ar tír agus ar an leathnú a bhaineann leis an eangach chumhachta mar gheall ar mhoill fhada ar cheadanna tógála, go háirithe mar gheall ar nósanna imeachta achomhairc iomadúla, atriallacha agus fada. Le hailíniú idir gach leibhéal rialtais (cónaidhme, réigiúnach, áitiúil) maidir leis na cuspóirí agus leis an straitéis is gá chun spriocanna inathnuaite na Beilge a bhaint amach, bheadh creat níos soiléire ann d'infheisteoirí, agus laghdófaí líon na n-achomhairc agus chuirfí dlús le cur in úsáid foinsí in-athnuaite agus le hathneartú na n-eangach a bhaineann leis sin. Ina theannta sin, d'fhéadfaí an ceadú a dhéanamh níos éasca trí chumas na gcomhlachtaí achomhairc a neartú agus trí bhearta breise a ghlacadh chun fad na nósanna imeachta achomhairc agus an dóchúlacht go ndéanfar achomhairc i ndiaidh a chéile a laghdú, trí shrianta i gcomharsanacht aerfort, radair agus criosanna míleata a mhaolú, agus trí íoscheanglais achair (do thuisribíní gaoithe) a nuashonrú. Trí phleanáil spásúil a thabhairt isteach ina gcuirtear san áireamh acmhainneacht acmhainne críoch agus rannpháirtíocht níos mó bardas i dtionscadail giniúna fuinnimh in-athnuaite, d'fhéadfaí inghlacthacht a mhéadú i measc cónaitheoirí áitiúla.

D'fhéadfaí leas níos fearr a bhaint as acmhainneacht gréine dín (do shuiteálacha ar mhionscála agus do shuiteálacha ar mhórscála araon) trí choinníollacha creata a ghlacadh atá intuartha agus leordhóthanach chun féintomhaltas, comhroinnt fuinnimh agus freagairt ar éileamh a spreagadh. D'fhonn freastal ar an leibhéal méadaithe d'fhoinisí fuinnimh athraitheacha san eangach leictreachais, bheadh gá leis an eangach a neartú agus a dhéanamh níos cliste. Moltar infheistiúcháin nua bonneagair agus líonraí a bhaineann le gás a bheith slán i gcás inar féidir, d'fhonn a n-inbhuanaitheacht fhadéarmach a éascú trí bhreoslaí inbhuanaithe a chur in ionad breoslaí inbhuanaithe amach anseo.

⁽²¹⁾ ECFE — Torthaí PISA 2018, Imléabhar 1.

⁽²²⁾ Eurostat (2020), sciar allmhairí na Rúise os cionn allmhairí iomlána gáis nádúrtha, amhola agus guail chrua. Do mheán AE-27, tá iomlán na n-allmhairí bunaithe ar allmhairí lasmuigh de AE-27. I gcás na Beilge, áirítear trádáil laistigh den Aontas ar iomlán na n-allmhairí. Ní fholáíonn amhola táirgí ola scagtha.

- (29) Áirítear infheistíochtaí i slabhra luacha hidrigine, athchóiriú fuinnimh agus dícharbónú foirgneamh, ar bhealaí breise chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus chun ídiú fuinnimh, astaíochtaí agus spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Tugann sé sin le tuiscint go ndéantar fóirdheontais a atreorú chuig foinsí téimh ísealcharbóin agus go dtugtar isteach nó go luathaítear toirmisc réigiúnacha ar shuiteálacha coire ola-adhainte nó coire gáis i bhfoirgnimh nua. Beidh sé níos éasca an t-athrú breosla a dhéanamh má laghdaítear an tomhaltas fuinnimh agus má chuirtear dlús le feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh (trína spreagadh athchóiriú níos doimhne a dhéanamh) agus déanfar é i gcomhthráth leis an athrú breosla. Beidh gá le méadú breise ar an uailmhian maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus chun foinsí in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú chun go mbeidh an Bheilg ag teacht leis na cuspóirí “Oiriúnach do 55”. San iompar, is cuid mhór den tomhaltas ola sa Bheilg an sciar ard den úsáid a bhaintear as carranna príobháideacha. Dá gcuirfí chun cinn “soghluaisteacht bhog” (mar shampla, rothaíocht, soghluaisteacht chomhroinnte) agus úsáid iompair phoiblí, lena n-áirítear trí sheirbhísí iompair phoiblí feabhsaithe, chabhrófaí le húsáid gluaistean príobháideach agus an tomhaltas ola a bhaineann leo a laghdú.
- (30) Cé go mbeidh costais shuntasacha athstruchtúraithe i roinnt earnálacha mar thoradh ar an dlús atá curtha leis an aistriú i dtreo na haeráidneodrachta agus ar shiúl ó bhreoslaí iontaise, is féidir leis an mBeilg úsáid a bhaint as an Sásra um Aistriú Cóir i gcomhthéacs an bheartais chomhtháthaithe chun tionchar socheacnamaíoch an aistrithe a mhaolú sna réigiúin is mó atá buailte. Ina theannta sin, is féidir leis an mBeilg leas a bhaint as Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²³⁾, chun deiseanna fostaíochta a fheabhsú agus comhtháthú sóisialta a neartú.
- (31) I bhfianaise mheasúnú an Choimisiúin, scrúdaigh an Chomhairle Clár Cobhsaíochta 2022 agus léirítear a tuairim⁽²⁴⁾ i moladh (1).
- (32) I bhfianaise na ndlúthnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a rannchuidiú comhchoiteann le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, lena n-áirítear trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, chun na moltaí atá leagtha amach i Moladh 2022 maidir leis an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Beilge, léirítear é sin go háirithe i moltaí (1), (2) agus (3).

AG MOLADH LEIS SEO go nglacfadh an Bheilg gníomhaíocht in 2022 agus 2023 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. In 2023, beartas fíoscach stuama a áirithiú, go háirithe trí theorainn a chur leis an bhfás ar phríomhchaiteachas reatha arna mhaoiniú go náisiúnta faoi bhun fhás an aschuir a d'fhéadfadh a bheith ann sa mheántéarma, agus tacaíocht shealadach spriocdhírthe á cur san áireamh do na teaghlaigh agus gnólachtaí is leochailí ó thaobh praghsanna fuinnimh de agus do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Réidh chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag teacht chun cinn. Infheistíocht phoiblí a leathnú le haghaidh na n-aistrithe glasa agus digiteacha agus le haghaidh na slándála fuinnimh, lena gcuirtear san áireamh an tionscadal REPowerEU, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus as cistí eile de chuid an Aontais. Don tréimhse tar éis 2023, saothrófar beartas fíoscach atá dírithe ar riochtaí fíoscacha meántéarmacha stuama a bhaint amach agus laghdú inchreidte, céimnitheach a áirithiú ar fhiachas agus ar inbhuanaitheacht fhíoscach sa mheántéarma trí chomhdhlúthú, trí infheistíocht agus trí athchóirithe de réir a chéile. Tosaíocht a thabhairt d'athchóirithe chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht fhíoscach an chúraim fhadtéarmaigh, lena n-áirítear trí úsáid chostéifeachtúil na suíomhanna éagsúla cúraim a chur chun cinn. Athchóiriú a dhéanamh ar na córais chánachais agus sochair chun dídhreasachtaí chun oibre a laghdú tríd an ualach cánach a aistriú ón saothar agus tríd an gcóras cánach agus sochar a shimpliú. Caiteachas cánach a laghdú agus an córas cánach a dhéanamh níos neodraí ó thaobh na hinfeistíochta de.
2. Dul ar aghaidh le cur chun feidhme a plean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na clocha míle agus na spriocanna a chuimsítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021. Doiciméid chlárceidealaithe an bheartais chomhtháthaithe 2021-2027 a thíolacadh d'fhonn an chaibidlíocht leis an gCoimisiún a thabhairt chun críche agus tús a chur lena gcur chun feidhme ina dhiaidh sin.

⁽²³⁾ Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 231, 30.6.2021, lch. 21).

⁽²⁴⁾ Faoi Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97.

3. Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus ar neamhréir scileanna, go háirithe trí fheabhas a chur ar fheidhmíocht agus ar chuimsitheacht an chórais oideachais agus oiliúna, trí fheabhas a chur ar a ábhartha atá an ghairmoideachas agus an ghairmoiliúint ar cháilíocht agus ar mhargadh an tsaothair agus trí chonairí gairme agus oiliúint níos solúbtha agus níos tarraingtí a fhorbairt do mhúinteoirí.
4. Spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí fheabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh agus trí úsáid breoslaí iontaise i bhfoirgnimh a laghdú, trí úsáid agus soláthar iompair phoiblí a chur chun cinn chomh maith leis an tsoghluaisteacht bhog agus trí dhlús a chur le húsáid fuinnimh inathnuaite agus bonneagair eangaí lena mbaineann trí na nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú a thuilleadh, lena n-áirítear trí fhad na nósanna imeachta achomhairc a laghdú agus trí choinníollacha creata a ghlacadh chun borradh a chur faoi infheistíochtaí i suiteálacha fuinnimh ghréine.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 12 Iúil 2022.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

Z. STANJURA
